

CROIDHE AGUS SCAMHÓGA AN ÉIN

Bhí fear ina chomhnaidhe i gCondae Chiarraige agus badh é an cheird a bhí aige a' déanamh sguab. Bhí beirt mhac agus inghean aice. Ní raibh aon slighe tóigthe ar bith aige dófa ach dhó léir mar a bhí sé a' a déanamh na sguab agus dhá ndíol ar an margadh. Lá dá dtáinig sé abhaile dubhairt sé leis an mbeirt mhac go gcaithfidís eirghe a mbárach agus ghul chun na coille agus fraoch a thabhairt chuige le haghaidh sguaba a dhéanamh, go raibh sé féin tuirseach a' gul ann. D'éirigh an bheirt stócach ar maidin agus fuaigh síad chun na coille a' baint an fhraoigh. Seán agus Séamus badh é ainm a bheirt mhac é. An chéad dosán ar leagadar lámh air d'éirigh éan uaidh amach. "A Sheáin" adeir Séamus, "a' bhfeiceann tú an t-éan?" "Feicim" ar seisean.

"Deamhan éan a chonnaic aon duine ariamh leath chomh deas leis. Leanfamuid dó agus béarfaidh muid air" adeir Séamus.

"Ní bhéarfa" adeir Seán.

"Á tá sé an-tsocair" ar Séamus, "is furasta breith air.

Chaitheadar an lá sin go raibh sé ina oidhche a' rith i ndiaidh an éin agus chinn sé orthab. Bhí an t-athair a' dearcú amach i gcomhnuidhe féachaint a bhfeicfeadh sé a' tigheacht iad. Tháinig siad abhaile le tuitim na hoidhche gan fraoch ná sguab.

"Bhuel" adeir an t-athair, "dheamhan greim le n-ithe ná le n-ól a gheithidh sibh sa teach seo nó go dtuga sibh adbhar na sguab chugam-sa."

"Maise, m'anam, a athair, dá bhfeicfeá féin an t-éan" adeir duine aca, "go leanfá féin an t-éan chomh maith linne."

Chuaidh an t-athair a chodladh agus nuair a fuaidh, fuair an mháthair greim le n-ithe dófa agus chuir sí a chodladh iad. Nuair a d'éirghidheadar ar maidin chuadar amach chun an coilleadh a' baint na sguab aríst. An chéad dosán ar leagadar a lámh air d'éirigh an t-éan aríst. "Ara, a Sheáin" adeir Séamus, "an bhfeiceann tú an t-éan aríst?" "Feicim" adeir Seán, "ach ná bacamuid leis. "Tá sé a' dearcú an-tuirseach" adeir Séamus, "is furasta breith air indiu."

Leanadar dó, ach chinn sé ortha breith air. Bhí an t-athair a' dearcú amach i gcomhnaidhe a' súil is go bhfeicfeadh sé a' tigheacht iad. Pébir buile a bhí air an chéad lá bhí a dhá oiread air an dara lá. Tháinig siad abhaile le tuitim na hoidhche go cén chiall nach dtug siad úghdar na sguab chuige. Dubhairt siad go raibh siad a' rith ar an éan agus gur chinn sé ortha breith air.

"Téighidh a chodladh" ar seisean, "greim ní íosfaidh sibh agus braon ní ólfaidh sibh i mo theach go bráthach go go dtuga sibh an sguab chugam."

Chuaidh siad a chodladh agus lá ar na bhárach pébar greim le n'ithe a fuaradar ón máthair, fuaidh siad chun na coilleadh agus an chéad dosán a leag siad a lámh air d'eirigh an t-éan.

"Ara a Sheáin" adeir Séamus, a' bhfeiceann tú an t-éan? M'anam go bhfuil sé an-tuirseach indiu gur furasta breith air."

Leanadar don éan. A' gul faoi don ghréin rugadar an an éan. Tháinig siad abhaile go spóirteamhail agus an t-éan aca. Bhí an t-athair amuigh a' faire ortha.

"Cá bhfuil an fraoch?" ar seisean.

"Ara bhfeiceann tú an t-éan?" arsa Séamus.

"Muide m'anam féin" adeir seisean, "nach bhfuil milleán ar bith agam oraibh, nach bhfaca mé aon éan ariamh leath chomh deas leis ina éan."

Chuadar isteach chun a' tighe. "Má tá aon ghreim a'd le n-ithe" adeir an t-athair leis an máthair, "tabahir dófa é." Thug.

"Teighighidh a' chodladh anois. Tá ceart agaibh a bheith tuirseach."

Mar bhí sé cleachtú ar dhéanamh na sguab chuaigh sé agus rinne sé ciseán éanacha don éan agus chuir sé ann isteach é. Shocruigh sé nead beag féir agus chroch sé ar thaobh a' bhalla é.

"Gabhfa mé féin amach ar maidin" ar seisean, "i gcoinne an fhraoigh le haghaidh na sguab."

D'eirigh sé ar maidin agus rug sé ar a rópa agus fuaidh sé amach. "Níor dhearc mé" adeir sé, "cén bhail a bhí ar an éan" a' fillleadh isteach aríst. Fuaidh sé go dtí an t-éan agus chonaic sé ubh faoin éan ba deise a chonnaic sé ariamh, b'fhacthas dó. Rug sé ar an ubh agus bhí sé a' dearcú uirthé.

"Maise mo choinsias" adeir sé, "dá dtugainn síos ag an ngabha airgid ins a' mbaile mór thú b'fheidir go dtiubhradh sé rud eicint dhom go bhfuighinn luach mo bhricfeasta. Is luatha a bheadh mo bhricfeasta agam ná bheadh na sguaba díolta agam."

Thug sé leis an ubh suas go dtí an gabha airgid. "A' gceannóchá an ubh uaim?" ar seisean leis an ngabha.

"Céard a bheadhthá a iarraidh uirthé?" adeir an gabha.

"Céard a bhéireas tú dhom uirthé?" ar seisean.

"Tiubhraidh mé dhá chéad punt duit" adeir an gabha airgid.

"Bíodh sí agat" ar seisean.

Chomhair sé amach an dá chéad punt aige. Fuaidh sé amach agus fuair sé bhaigín agus péire capall agus thug sé abhaile chuile shórt ní dár theastuigh uaidh ithe agus ól, agus éadach aige féin, ag a bhean agus a' gclann.

Ar maidin lá ar an bhárach d'eirigh sé agus fuair sé ubh ubh eile faoin éan. Thug sé leis í agus chuaidh sé go dtí an gabha airgid aríst. D'fíafuigh sé de cé mhéad a bhéarfadh sé dhó uirthé

seo. Dubhairt sé leis go dtiubhradh sé a dhá oiread uirthé agus a thug sé ar an uibh indé. Thug sé ceithre chéad punt dó ar an uibh sin.

Maidin an tríomhadh lá d'éirigh sé agus fuair sé ubh ní ba mhó ná aon cheann de na huibheacha agus thug sé go dtí an gabha léithe. D'fíafraigh sé dó céard a bhéarfadh sé dhó uirthé seo.

"Tiubhraidh mé an oiread duit uirthé agus thug mé duit ar an bpéire eile" ar seisean.

Nuair a d'íoc sé amach é d'fíafraigh sé de cé bhfuair sé na huibheacha.

"Á" adeir sé, "éan a rug na stócaigh insa gcnoc uirthé agus fuair mé na huibheacha sin faoin éan chuile mhaidin le trí mhaidin."

"Bhuel" adeir an gabha airgid, "má dhíolann tú an t-éan liom-sa tiubhraidh mé an oiread duit ar an éan agus thug mé dhuit ar an trí huibhe."

"Níor mhaith liom an t-éan a dhíol" adeir sé, "caillfidhe an dá ghasúr dá ndíoltaoi an t-éan. Tá siad chomh ceanamhail sin air, agus ní maith liom féin sgaramhaint leis ach an oiread."

"Bhuel an dtiubhrá cead dom an t-éan a fheiceál?" ar seisean.

"Tiubhrad" ar seisean, "tuige nach dtiubhrainn."

Chuaidh an gabha airgid leis go bhfaca sé an t-éan. Rug sé ar an éan agus bhí sé a' dearcú air. D'fosgail sé amach a dhá sgiathán, mar bhí sé ina sgoiláire maith. Bhí sé sgríobhtha i Laidin faoi sgiathán an éin:

"An té a d'íosfadh mo chroidhe agus mo sgámhógaí, beidh piliúr óir faoi na chloigeann aige chúns mhairfeadh sé. An té a d'íosfadh mo chonablaigh bheadh sé pósta le inghean rí na Spáinne."

Nuair a bhí an méid sin léighte ag an ngabha, "an bhfuil fhios agat céard a dhéanfas tú anois" ar seisean, "níl agat ach aon inghean amháin, agus níl agam-sa ach aon mhac amháin. Cuirfidh mé iallach ar mo mhac t'inghean a phósadh má thugann tú an t-éan dom."

"Níor mhaith liom sgaradh leis an éan" ar an fear, "Caillfidh an dá ghasúr dá sgarfainn leis."

"Caithfidh tú sgaradh leis" adeir an bhean, "mar beidh t'inghin ina lady go bráthach, agus caithfidh tú an t-an a thabhairt dó."

Thug sé an t-éan don ghabha airgid. "Siubhlaidh libh anois liom-sa" adeir sé, go ndéantar an pósadh."

D'imthigh an t-athair, 's an mháthair 's an inghean go dtí teach an ghabha. Nuair a bhí an mháthair ag imtheacht dubhairt sí le bean a bhí ina comhnaidhe in aice léithe:

"Nuair a thiocthas na gasúir abhaile ón sgoil, tiubhraidh tú isteach iad agus tiubhraidh tú greim le n-ithe dófa. Tá muidí a' gul síos go dtí teach an ghabha geal, an áit a bhfuil ár n-inghean agus mac an ghabha a' gul a' pósadh i mbárach."

Dubhairt an bhean go dtiubhradh.

Tháinig na gasúir abhaile. Chonaic siad an doras dúinte rompa. Thosuigh siad a' gol agus agus chuala bean a' tighe seo iad agus tháinig sí amach.

"Gabhaigí isteach" adeir sí, "go dtuga mé 'ur ndinnéar díbh. Tá 'ur ndreithiúr agus mac a' ghabha gheal a' pósadh i mbárach agus an t-éan fáighte ag mac an ghabha le n'ur dreithiúr."

Nuair a chuala siad sin thoisigheadar a' gol agus ag gáirthighil. D'imthigheadar leof agus níor stopadar go dtáinigheadar go dtí teach an ghabha gheal. Nuair a tháinig siad isteach is ag doras na cistinighe a tháinig siad. Ní raibh sa gcistineach ach an cailín agus sheas siadsan leis an doras. D'fíafuigh an cailín díofa cé hiad, agus d'innis siad duithe.

"Gabhaidh anuas ag an teine" adeir sí, "tá sé chomh cóir agaibh-se a bheith ag an teine is atá sé ag 'ur n-athair agus 'ur máthair 's 'ur ndreithiúr a bheith ins an bpárlús."

Bhí ordú tugtha ag an ngabha geal don chailín nuair a bheadh sí a' róstadh ceathramha caoirfheola, croidhe agus sgámhógaí an éin, biorán a chur ionnta ar thaobh den cheathramha, agus an conabhlach a chur ar an taobh eile agus biorán a chur ann, sa gcaoi go mbeadh siad ar fad rósta i gcuideachta. Rinne sí sin agus nuair a cheap sí go raibh an fheoil rósta thóg sí ar mhias iad, agus leag sí ar bhord na cistinighe í. Chuaidh sí a' leagan an bhuird ins a' bpárlús. Dhearc Séamus uaidh agus céard d'fheicfeadh sé ach an t-éan.

"Ara a Sheáin" adeir sé, "a' bhfeiceann tú an t-éinín?"

"M'anam go bhfeicim" adeir Seán.

"Maise a mh'anam" adeir Séamus, "go mbeidh an croidhe agus na sgámhóga agam-sa," a' breith ortha agus dá n-ithe.

"Maise a mh'anam go mbeidh an conabhlach agam-sa" adeir Seán, a' breith air agus dá ithe.

Nuair a leag an cócaire an mhias feola ar a' mbord d'fíafuigh an gabha dhuithe cé raibh an t-éan.

"Tá sé ar an bhfeoil" ar sise, "chuir me biorán ar chaon taobh ann."

"Bhuel, má chuir" ar seisean, "níl sé annseo."

"Bhuel, bhí sé ann" ar sise, "Nuair a thóg mise as an bpota í."

"A' raibh aon duine istigh?" ar seisean.

"Níor tháinig fear ná bean isteach annseo indiu ach an bheirt ghasúir leis an leanamhain sin atá thíos ag an teine" ar sise.

"Ó, go measa a bhéas siad bliain ó indiu. Sin iad a thug an t-éan leofa" ag eirghe ina sheasamh, a' caitheamh amach fear na sguab, a bhean, 's a inghean.

Nuair a bhí siad amuigh lean an dá ghasúr dófa go dtáinig siad abhaile.

Nuair a tháinig siad abhaile dheamhan isteach a leigfeadh an mháthair iad faoin mbail a bhí curtha aca ar an dreithiúr. D'imthigh siad rompa gan fhios acu soir siar síos suas nó cén bealach a ngabhfaidís. Bhíodar ag imtheacht leofa go dtáinig siad go dtí teach sgoile. Bhí a

gcuid leabhraí faoi n-a n-asgaill aca. D'fíafraigh an máighistear sgoile dhíofa cé raibh siad a' gul. Dubhairt siad go raibh siad ag iarraidh fearr-is-barr léighinn.

"Bhuel tiubhraidh mise é sin daoibh" ar seisean.

Nuair a bhí na sgoiláirí a' gul amach trathnóna chuaidh sé go dtí an chuid ab fhacthas dó badh acmhuinge a raibh muinntir ins a' mbaile agus dubhairt sé leofa go raibh súil aige go dtiubhradh siad an bheirt ghasúir seo leofa le hghaidh na hoidhche agus go bhfuigheadh sé oidhche thart ó chaon duine uafa.

D'obuigheadar ar fad dhó 's ní thiubhradh duine ar bith leofa iad. Sheasadar suas taobh amuigh den gheata brónach go leor. Bhí mac baintreabhaighe ann nach raibh aon ghreim aige féin ná a mháthair ach an meid a chruinnigheadh sí sa lá le n-a aghaidh agus le n-a haghaidh féin ins an oidhche. D'fhill sé ar ais agus dubhairt sé leofa thigheacht leis féin. Fuaidh siad go dtí teach na máthar. D'fíafraigh sí de cé hiad an bheirt ghasúir a bhí leis. Dubhairt sé léithe gur sgoiláirí bochta a bhí ionnta agus nach dtiubhradh aon duine eile leof iad "agus dubhairt mise leof thigheacht liom féin."

"Maise tá céad míle fáilte rompa" ar sise, 's má tá sé a'm-sa gheobhfaidh siad é.

Nuair a bhí sé in am codlata chóirigh sí leaba bheag sa gclúid dófa. Fuaidh siad a chodladh. D'eirigh síar maidin agus ghléas sí bricfeasta dófa chomh maith agus d'fhéad sí. D'imthigh an triúr chun na sgoile. Nuair a d'imthigh fuaidh sise a' tógáil na leaptha as a' gclúid. Fuair sí piliúr óir faoi chloigeann ceann aca.

"Sé Dia a chas chugam sibh" ar sise. Bhí neart le n-ithe agus le n-ól de chuile shórt dá fheabhas nuair a tháinig siad abhaile. Níl aon lá dar eirigh siad nach bhfuair sí an méid céadna óir faoi chloigeann ceann aca.

D'fhan siad annsin go raibh bliain thuas. "Bhuel anois a Sheáin" adeir Séamus, bliain sa lá indiu tháinig muid go dtí an bhean seo agus níor dhubhairt sí linn ariamh ins an am sin go raibh muid ró-fhada ins an teach aice, agus tá sé in am a'nn imtheacht anois."

"Ná himthigi" adeir sí, "níor chaill mise tada libh ó tháinig sibh isteach in mo theach achrud mór a bháiliú oraí. Níl aon mhaidin dár thóg mise 'ur leabaidh ó tháinig sibh chun a' tige nach bhfuair mé piliúr óir faoi chloigeann cann eicint agá chuile mhaidin ó shoin. "An bhfeiceann sibh an chomhra sin annsin?" adeir sí. "Tá sí sin lán d'ór anois agus ó tá sibh ag imtheacht tugaidh libh é."

"Ní thiubhradh" ar siad-san. "Ní mór linn duit féin é. Más fíor dhuit an rud atá tú a rádh beidh ár sáthach a'inne."

D'fhága siad slán agus beannacht aice agus d'imthigh siad leofa. Bhí siad ag imtheacht agus tháinig an oidhche ortha. Ní raibh teach ná áithrid le feiceál ná le castáil ortha go raibh sé i bhfad san oidhche. Tháinig siad go dtí teach feilmearaí agus bhíodar ina gcodladh ann.

"Téigheamuid isteach annseo" adeir Seán. "Ní ghabhfa" adeir Séamus, "Níl sé ceart a' ghl a' dúiseacht duine ar bith an tráth seo d'oidhche."

Shiubhail siad leofa agus chonnaic siad an t-agard. "Téigheamuid isteach annseo" adeir Séamus, "agus déanfaidh sé go maith dhúinn go maidin."

Chuaidh siad isteach agus bhí cruach tuighe ann a bhí taréis a bhualte.

“Déan tusa t’áit annseo” adeir Séamus le Seán, “agus déanfaidh mise áit dom féin annseo agus beidh fhios againn cé againn a mbeidh an piliúr óir faoi na chloigeann ar maidin.”

Nuair a dhúisigheadar ar maidin agus nuair a d’éirigheadar bhí an piliúr óir faoi chloigeann Shéamuis. Lónadar a bpócaí le gach is ar fhéadadar a thabhairt leob den ór. An méid nár fhéadadar d’fhágadar ina ndiaidh é. Chuadar isteach ag teach an fheilméara agus d’orduigheadar bricfeasta agus fuaradar sin.

Nuair a bhí a mbricfeasta itha aca d’fiafruigheadar den fheilméara a raibh capall agus carr aige. Dubhairt se leofa go raibh.

“A dtiomáinfeá go Baile Átha Cliath muid?” ar siad-san.

Chuir sé a mhac leofa dá dtiomáint. Nuair a bhí siad a’tarraingt isteach ar Bhaile Átha Cliath d’fiafruigh siad de a raibh eolas maith ar Baile Átha Cliath aige. Dubhairt sé leofa go raibh.

“Bhuel anois” ar siad-san, “tabhair go dtí an hotel is onóraighe agus is uaisle dá bhfuil istigh i mBaile Átha Cliath indiu.”

Thug sé go dtí an teach ab onóraighe agus ab ardnósaighe a bhí i mBaile Átha Cliath iad.

Casadh fear an tighe mhóir leofa. Réidhtigh siad leis ar dhá sheomra go ceann lá aus bliain gan duine ná deoraidhe a bheith a’ gul isteach ionnta ach iad féin. Bhíodar a’ caitheamh leofa ar feadh an ama agus fuaireadar a ndóthain boscaí a ndóthain déanta agus bhíodar a’ pacáil an óir ionnta. Sul dá raibh an bhliain thuas cé thiocfadh ach Rí na Spáinne, a bhean agus a inghean agus seo é an teach a chuireadar suas ann.

Lá dá raibh an inghean a’ gul amach thar an doras chuala sí torann mór sa seomra a raibh an bheirt duine uasal seo ann. Dhearc sí isteach trí pholl an ghlais agus chonaic sí bord a bhí foluighthe le ór. D’fhill sí a ais go dtí n-a hathair agus dubhairt sí leis go raibh robálaithe insa teach. Ní dhearna sé ach fios a chur ar fhear a’ tighe mhóir. D’fiafruigh sé dó cén t-ughdar a bhí aige robálaigh a bheith sa teach aige. Dubhairt sé leofa nach raibh, ach go raibh dhá dhuine uasal annsin aige, na fir ba chreideamhnaighe agus ba mheasamhla dá dtáinig isteach ina theach ariamh, agus nár robálaigh iad.

“A’ dtiubharthá cuireadh dhóibh” adeir Rí na Spáinne “a thigheacht ar dinnéar liom-sa agus le mo bhean agus le m’inghin i mbárach”

“Tiubhrad” adeir seisean. Thug sé an cuireadh dófa agus dubhradar go ngabhfadh.

Chuaidh siad ar dinnéar ar an lá ar na bhárach ag Rí na Spáinne, a bhean agus a inghin. Bhíodar an-mhór muinntearach le chéile go trathnóna go raibh an dinnéar thart. D’fhága siad slán agus beannacht ag Rí na Spáinne, a bhean agus a inghin, is ghlacadar buidheachas leofa. Chuadar amach ina bpáirt féin den teach agus chuireadar fios ar fhear an tighe mhóir. “Pébar cén dinnéar a bhí againn indiu go mbeidh sé seacht n-uaire níos fearr agat dúinne i mbárach agus agus go dtiubhraidh tú cuireadh do Rí na Spáinne, a bhean ’s a inghin thigheacht ar dinnéar againn.”

Tháinig siad ar dinnéar lá ar na bhárach. Thóg Rí na Spáinne an-spéis dófa.

D'fíafuigh sé de cheann aca a' bpósfadh sé a inghean. Dubhairt siad leis go mba mhaith leofa an seans a fhágáil.

"Pós tusa í a Sheáin" adeir Séamus.

Bhí Seán sásta agus pósadh é féin agus inghean Rí na Spáinne.

"Anois a Sheáin" adeir Séamus, tiubhraidh mise duit a bhfuil d'ór agam agus beidh neart agam féin i do dhiadh.

Fuair sé bhaigín agus péire capall agus luchtúigh sé a raibh de bhoscaí óir sa teach isteach sa bhaigín. Thugadar go dtí an long iad agus lochtuigheadar isteach sa long iad. D'imthigh Rí na Spáinne, a bhean agus a inghean agus Seán. D'fhágadar slán agus beannacht ag Séamus agus d'fhan sé ina ndiaidh.

Bhí Séamus an-uaigneach nuair a d'imthigh Seán uaidh. Ní theigheadh iabhadh ar bith air ach a' siubhal siar agus aniar tríd an mbaile mór. Chuala sé caint ar bhainrioghan óg a bhí amach as an mbaile mór a bhí an-tórtha ar imirt chartaí. Dubhairt sé leis féin go ngabhfaidh sé go bhfeiceaadh sé í agus go mbeadh cluiche aige léithe. Chuaidh sé chuice. Bhí fáilte mhór aice roimhe nuair a chonnaic sí é. D'fíafuigh sí de a mbeadh cluiche cartaí aige.

"Le n-aghaidh sin a tháinig mé" ar seisean.

"Céard a chuirfeas muid ar an gcluiche?" ar sise.

"Rud ar bith a thógrochas tú" arsa Séamus.

"Cuirfimid céad punt air" ar sise.

"Déanfa sin" ar seisean.

D'imrigheadar leofa agus ghnóthuigh sí an céad punt.

Nuair a bhí sé in am ag Séamus gul abhaile d'fhága sé beannacht aice agus bhí sé ag imtheacht. D'fíafuigh sí de a' dtiocfadh sé san oidhche i mbárach agus dubhairt sé go dtiocfadh.

Tháinig.

"Céard a chuirfeas muid ar an gcluiche anocht" ar sise.

"Dúblóchaidh muid an geall" arsa Séamus.

Ghnóthuigh sí an dara hoidhche. Nuair a bhí sé in am ag Séamus a bheith a' tigheacht abhaile bhí sé a' fágáil beannacht aice. D'fíafuigh sí de an dtiocfadh sé an oidhche i mbárach, agus dubhairt sé go dtiocfadh.

Tháinig agus bhí fáilte mhór aice roimhe.

"Céard a chuirfeas muid ar an ngeall anocht?" ar sise.

"Dúblóchamuid arís é" arsa Séamus.

Dhúbail agus ghnóthuigh sí an tríomhadh hoidhche. Ní fhaca sí go raibh aon sórt múisiam ar bith ar Shéamus taréis a raibh cailte aige.

"Is dócha" ar sise, "nach bhfuil cursíos ar a bhfuil d'airgead a'd-sa. Ní fheicim go bhfuil múisiam ar bith agad taréis a bhfuil caillte agad."

"Dá mbeadhthá ag imtheacht liom-sa go ceann seacht mbliana agus a' gnóthuinnt chuile oidhche ní chuirfeá mórán as dom."

"Is dócha" ar sise nach bhfuil cur síos ar bith ar do chuid airgid. Níl aon phinginn dá dá n-imreóchá annseo nach ngnóthóchadh mise ort. Agus nach fearr duit féin agus dom féin pósadh agus beidh neart againn chúns mhairfeas muid."

"Níl locht air" adeir Séamus, "pósfaidh mé thú."

Phós Séamus agus í féin.

Bhí máthair na mná ina bean feasa agus asorlaidheacht aice. Bhí sí thall sa Eadaín. Nuair a chonaic sí go raibh a hinghean agus mac fear déanta na sguab pósta le chéile bhí sí le buile agus le báine a' tigheacht abaile chomh tréan agus d'fhéad sí é. Tháinig sí abhaile agus níor leig sí uirthé féin tada. Lá dá ndeachaidh sí féin agus a hinghean agus an fear óg amach ina gcóiste agus a bpéire capall a' tógáil aeir dóibh féin, nuair a d'fhill siad abhaile trathnóna tháinig siad go dtí an teach. Nuair a sheas an cóiste tháinig an fear óg amach as an gcóiste. Rug sé amach ar a bhean agus thug sé amach ar an mbóthar í. Nuair a rug sé amach ar an tseanbhean agus thóg sé amach í bhuail sí dha huillinn i mbéal a' ghoile é agus chaith sé croidhe agus sgamhóga an éin ar an mbóthar. Rug sí ar chroidhe agus ar sgamhóga an éin ina naipín agus bhuail sí ina póca iad.

"Tuga leat anois" adeir sí leis an bhfear óg. "Dheamhan oidhche ná lá a chodlóchas tú i mo theach-sa chúns mhairfeas tú.

D'imthigh mo dhuine bocht leis sáthach brónach. Ní raibh fhios aige an soir siar, síos suas a ghabhfadh sé. Bhí an trathnóna a' tigheacht. Chonnaic sé beirt fhear óga uaidh agus iad a' troid. Tháinig sé go dtí iad agus d'fíafuigh sé cén t-ughdar achrainn a bhí aca le chéile. Dubhairt ceann aca leis go raibh a n-athair taréis bás a fhághail agus go raibh caipín aige agus áit ar bith sa domhan a n-ordócha sé é a thabhairt go dtiubhradh an caipín ann é.

"D'fhága sé agam-sa é" arsa ceann aca. "Níor fhága" ars an ceann eile, "ach d'fhága sé agam-sa é. Ach fágfamuid faoi do bhreitheamhnas cé hagainn a ndéanfaidh tú an caipín dó.

"Spáinidh an caipín dom" ar seisean.

Thugadar an caipín dó. Nuair a bhí an caipín aige chuir sé ar a chloigeann é.

"Faraoir" ar seisean gan mé sa gcoill is fiadhaine thall san Eaduain."

Ní túisge a bhí sé sin ráidhte aige ná bhí sé istigh insa gcoill. Bhí sé ag imtheacht faoi chrainnte 's driseacha go raibh sé stiallta stróicthe. Bhí tart agus ocras air. Chonnaic sé an crann ubhall ba bhreághtha a chonnaic sé ina shaoghal ariamh. Rug sé ar cheann de na hubhlaí agus bhain sé greim as. Ní túisge a bhí an greim bainte aige as ná d'fhás péire adharc amach as a bhaithis. Leis an meadhachan a bhí sna hadharca thuit sé anuas ar an talamh.

"Tá mé réidh anois" ar seisean, seachas a ndeachaidh mé tríd ariamh."

Bhí crann beag ubhall a raibh ubhlaí coracha a' fás air le n'ais. Ní dhearna sé ach a lámh a chur thairis agus beireann sé ar cheann de na hubhla agus d'ith sé é. Ní túisge a bhí sé ithe aige ná thuit na hadharca anuas dá chloigeann.

"Tá mé maith go leor fós" adeir sé, ag eirghe ina sheasamh.

Chuaidh sé agus bhain glac slat. Mar bhíodh sé a' dearcadh ar a athair a' déanamh na sguab, chuimhnigh sé go mbeadh sé i ndon ciseán a dhéanamh. Rinne sé an ciseán. Chuir sé glac de na hubhlaí coracha thíos in íochtar an chiseáin agus na hubhlaí móra breaghtha cumhra in uachtar.

Nuair a bhí sin déanta bhuail sé caipín ar a chloigeann agus d'iarr sé a bheith sa mbaile arís. Bhí sé sa mbaile ar an bpointe. Maidin lá ar an bhárach bhuail sé doras teach na caillighe a raibh a bhean féin ann. Tháinig an cailín go dtí an doras. D'fíafuigh an cailín de céard a theastuigh uaidh. Dubhairt sé léithe gur ceannudhe a bhí ann a' díol ubhall agus fíafuighe den mháighistreás an gceannóchadh sí aon ubhlaí. Chuaidh sí go dtí an mháigistreás agus d'fíafuigh sí duithe ar theastuigh aon ubhlaí uaithe agus dubhairt sí go raibh neart ubhlaí dá gcuid féin aca. Tháinig sí ar ais. Dubhairt sí go raibh neart dá gcuid féin aca.

"Is dócha go bhfuil" ar seisean, "ach níl aon ubhlaí mar seo agat" ar seisean. "Tabhair don mháighistreás é seo" ar seisean, "go bfeicfidh sí cén blas atá air agus thug sé ceann de na hubhla móra cumhra duithe. Chuaidh an cailín suas an staidhre agus thug sí an t-ubhall dá bhean. Ní fhaca sí ubhall ariamh a bhí chomh breag leis. Bhí siad ina suidheamh le hais na fuinneoige agus chuir sí a cloigeann amach as an bhfuinneoig go bfeicfeadh sí an fear a raibh na hubhla aige. Bhain sí greim as an ubhall. Chomh luath is bhain d'fhás péire adharc amach as a baithis.

"Ó do chara agus do choimrighe" ar sise, agus leig as seo mé."

"Sin ní fhágfaidh tú" ar seisean, "go dtuga tú croidhe agus sgamhóga m'éinín dom-sa."

"Á" adeir sí ní hagam-sa atá croidhe agus sgamhóga t-éin, ní fhaca mé iad, ach ag mo mháthair atádar."

"Cá bhfuil do mháthair?" ar seisean.

"Tá sí a' siubhlóid síos duithe féin le bruach na fairrge" ar sise.

D'imthigh sé leis gur casadh an chailleach dó. D'fíafuigh sé duithe a' gceannócha sí ubhlaí uaidh. Dubhairt sí leis go raibh cuimse ubhall dá cuid féin aice ina gairdín.

"Is dóchaidhe go bhfuil" ar seisean, "ach níl aon ubhall agat mar seo. Blais de cheann aca seo" ar seisean.

Thug sé ceann de na hubhlaí breagh duith agus bhain sí greim as. Ní túisge a bhí greim bainte aice as an ubhall ná d'fhás péire adharc amach as a baithis agus thuit sí i gcladach na fairrge.

"Do chara agus do choimrighe" ar sise, "agus leig as seo mé."

"Sin ní fhágfa tú go dtuga tú croidhe agus sgamhóga m'éinín dom-sa."

“Cuir do lámh i mo phóca” ar sise, “ tá siad casta i mo naipcín póca thíos i mo phóca.”

Ní dhearna sé ach a lámh a chur ina póca agus an naipcín a thabhairt as, croidhe agus sgamhóga an éin agus d’ith sé arís iad. D’fhág sé an chailleach annsin ar an gcladach faoi na péire adharc. Chaith sé uaidh an ciseán agus thug sé ceann de na hubhlaí coracha abhaile leis. Thug sé an t-ubhall corach da bhean agus thuit an dá adhairc chomh luath is bhlaís sí de. Tháinig sé isteach agus chuireadar síos an ciotal agus d’óladar tae agus mara raibh siad sin go maith tá súil le Dia agam go mbeidh muidí.

Sa Mám dom, mé a’ breathnú anonn ar Thír na Cille agus ar an gCorcóig taobh thiar agus grian an trathnóna ar aghaidh Mhám Éan.

Aistriú ón mBéarla an sgéal seo. An sgéalaidhe féin a d’aistrigh é. Bhí sé lá a’ gul chuig an áit a mbíodh sé ag obair i Sasana agus fuair sé leabahr ar an mbóthar. Bhí an sgéal seo ann, *The Broom Maker from Kerry* an t-ainm a bhí air.